



An Roinn Gnóthaí Eachtracha  
Department of Foreign Affairs

# Ráiteas Straitéise

## 2023-2025



# Réamhfhocal ón Tánaiste

Tá áthas orm Ráiteas Straitéise 2023-25 na Roinne Gnóthaí Eachtracha a chur i láthair, ina leagtar amach na spriocanna a n-oibreimid ina dtreo sa tréimhse amach romhainn, chun freastal ar riachtanais agus leasanna mhuintir agus phobail na hÉireann, sa bhaile agus thar lear.

Tá fíis straitéiseach leathan na Roinne an-soiléir i gcónaí: an tsíocháin a chosaint agus a chur chun cinn ar ár n-oileán, Seirbhís Chonsalachta agus Pasanna den chéad scoth a sholáthar dár saoránaigh, tacú lenár bpobail diaspóra, ballraíocht ghníomhach agus phrionsabálta sna Náisiúin Aontaithe, san AE agus i bhfóiraim idirnáisiúnta eile, clár forbartha ar ardchaighdeán a sholáthar, agus láithreach agus tionchar na hÉireann thar lear a leathnú, chun tacú le rathúnas agus slándáil sa bhaile.

Mar a aithníonn an Ráiteas seo, áfach, táimid ag feidhmiú i gcomhthéacs domhanda atá athraithe go mór ó aontaíodh ár Ráiteas Straitéise deireanach in 2021.

Cuireann sé sin dúshlán chasta romhainn, go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta. Bhí iarmhairtí tubaisteacha ag ionradh ceart na Rúise ar an Úcráin, ina dara bliain anois, do mhuintir na hÚcráine, agus chuir sé an tsíocháin agus an chobhsaíocht ar a gceann inár gcomharsanacht Eorpach.

Ina theannta sin, tá na torthaí a d'eascair as Brexit casta ar fad, mar aon le hiarmhairt phaindeim COVID-19, bíodh is go bhfuil ár mbealach á dhéanamh againn trí na dúshláin a chuirtear i láthair, le fios maith an bhealaigh againn. Bhí ár mballraíocht san AE lárnach go hiomlán dár gcumas na dúshláin seo a bhainistiú agus tá sé fós rithábhachtach do dhul chun cinn ár dtíre amach anseo.

Cuid lárnach den fhreagairt ar na dúshláin slándála agus eacnamaíocha atá roimh Éirinn araon is ea ár rannpháirtíocht le príomhpháirtithe déthaobhacha agus iltaobhacha. Is cuid riachtanach d'obair na Roinne seo sa bhaile agus i bpríomhchathracha ar fud an domhain é

comhoibriú le comhpháirtithe AE, leis an Ríocht Aontaithe, leis na Stáit Aontaithe agus le tíortha a bhfuil an dearcadh céanna acu. Ar an gcaoi chéanna, cuireann iarrachtaí timpeall an bhoird san AE, ag na Náisiúin Aontaithe agus ag fóiraim iltaobhacha eile, le cumas na hÉireann ár leasanna agus ár luachanna a chosaint agus a chur chun cinn. Beidh an obair seo ar fad fós ina cuid lárnach de thiomantais na Roinne seo seachadadh a dhéanamh d'Éirinn agus do shaoránaigh na hÉireann sa tréimhse amach romhainn.

Déanfaidh saolré an Ráitis Straitéise seo tuilleadh dul chun cinn i gcur i bhfeidhm na Straitéise, Éire Dhomhanda a thug leathnú suntasach ar ár dtionchar domhanda a aithint, lena n-áirítear cinntí chun 22 Misean Taidhleoireachta nua a oscailt. Coinneoidimid an móiminteam seo trí chlár Áras na hÉireann a leathnú, ár straitéisí téamacha agus réigiúnacha a chur i bhfeidhm, agus ár ról ceannaireachta mar chuid d'Fhoireann na hÉireann.



Mar fhocal scoir, ba mhaith liom a thabhairt faoi deara go bhfuil na gníomhartha atá leagtha amach sa straitéis seo ina gceart agus ina dtreoir don obair thábhachtach atá á déanamh ag beagnach 3,000 oifigeach tiomnaithe sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta in Éirinn agus ar fud 98 oifig taidhleoireachta ar fud an domhain. Táim ag súil go mór le hoibriú le mo chomhghleacaithe, Seán Fleming, T.D., an tAire Stáit don Diaspóra agus don Fhorbairt Idirnáisiúnta agus Peter Burke T.D., an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, chun an Straitéis seo a chur i bhfeidhm sna blianta amach romhainn.

**An tUasal Micheál Ó Máirtín, T.D.,  
Tánaiste & an tAire Gnóthaí Eachtracha**

# Réamhfhocal ón Ard-Rúnaí

Tugann an Ráiteas Straitéise seo achoimre ar phríomhspriocanna na Roinne, ar an gcaoi a bhfuil sé i gceist againn iad a bhaint amach agus ar na torthaí trínar féidir linn dul chun cinn a thomhas. Ag tráth ina bhfuil éiginnteacht agus dúshlán mór ann san Eoraip agus ar fud an domhain, tá sé riachtanach go mbeimid soiléir agus dírithe ar ár bpríomhthosaíochtaí má táimid chun ár bhfreagracht a chomhlíonadh chun freastal ar an tír seo agus ar a muintir.

Tá an Roinn ag feidhmiú faoi láthair in thart ar 100 áit ar fud an domhain. Tá ár bhfoireann paiseanta faoin tseirbhís phoiblí is fearr is féidir a sholáthar don tír seo ar fud na réimsí a shaináithnítear i dteachtaireacht an Tánaiste. Tá siad ag teastáil níos mó agus níos mó freisin le freastal a dhéanamh in áiteanna dúshlánacha agus dothuartha. Smaoiním go háirithe ar ár gcomhghleacaithe i gCív. Tá a

fhios agam go bhfreastalaíonn ár bhfoirne - bídis sa bhaile nó thar lear - ar a dtír le bród, teacht aniar agus dóchas i leith thodhchaí na hÉireann. Táim buíoch de gach duine acu as an tseirbhís a chuirtear ar fáil agus as na hÍobairtí agus an méid a dhéanann teaghlaigh na ndaoine atá ag obair thar lear.

I mbliain ina ndéanaimid comóradh ar 25 bliain de Chomhaontú Aoine an Chéasta agus comóradh ar 50 bliain de bhallaíocht na hÉireann san AE, leanfaidh an Roinn de thosaíocht a thabhairt dá ról lárnach maidir le tacú leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas ar an oileán seo agus ár leasanna agus luachanna san Eoraip a chur chun cinn.

Beidh an nuálaíocht mar bhunchloch na Straitéise nua seo – le dul chun cinn teicniúil agus oibríochtúil nua ag cur ar ár gcumas

bealaí feabhsaithe a aimsiú chun oibriú agus seachadadh. Táim sásta go háirithe leis an dul chun cinn leanúnach i seachadadh seirbhíse inár Seirbhís Pasanna, a d'eisigh os cionn 1 mhilliún pas in 2022 agus a bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh sí amhlaidh arís in 2023. Beidh an Roinn tiomanta fós d'fheabhsú agus d'athchóiriú breise a dhéanamh ar an tseirbhís seo chomh maith le Seirbhís Chonsalachta éifeachtach agus freagrúil a choinneáil.

Tá sé tábhachtach go léireodh lucht saothair na Roinne éagsúlacht na ndaoine a ndéanaimid ionadaíocht orthu. Dá bhrí sin, leanfaimid ag iarraidh ardchaighdeán comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe a bhaint amach inár bhfórsa saothair agus inár mbeartais. Den chéad uair inár stair, beidh 52% dár Mísín Taidhleoireachta faoi stiúir ban tar éis dháilte 2023.



Táimid tiomanta freisin do na bealaí is inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a aimsiú chun ár ngnó a chur i gcrích.

Ullmhaíodh an Straitéis seo trí chomhairliúchán le gach cuid den Roinn seo, sa bhaile agus thar lear, chomh maith le hionchur a lorg ó pháirtithe leasmhara seachtracha ar fud an Rialtais agus na nGníomhaireachtaí Stáit. Táim an-bhuíoch as na hionchuir a cuireadh ar fáil, agus tá áthas orm gur Straitéis í an toradh, a bhfuil ardleibhéal uaillmhéine ag baint léi.

**Joe Hackett**  
**Ard-Rúnaí**

# Forléargas

## Misean

Is é is misean leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha freastal ar Éirinn, ár luachanna agus ár rath agus a suimeanna a chur chun cinn thar lear, agus na hinniúlachtaí, anailís agus cumhacht a sholáthar do rialtas na hÉireann le cinntiú go mbaineann an tír an tairbhe is mó as gach réimse dá rannpháirtíocht sheachtrach.

## COMHAIRLIÚCHÁN

Tá comhairliúchán fairsing inmheánach mar bhonn eolais ag ullmhú an Ráitis Straitéise chomh maith le comhairliúchán ar fud Ranna Rialtais, leis an Oireachtas agus le Gníomhaireachtaí Stáit.

## CUR CHUN FEIDHME, FAIREACHÁN AGUS ATHBHREITHNIÚ

Beidh an Ráiteas Straitéise seo mar bhunús d'eagraíocht agus bainistíocht na Roinne thar an tréimhse 2023-25 agus cuirfidh sé bonn eolais agus treoir faoin bpróiseas bliantúil pleanála gnó agus bainistíochta riosca. Socróidh na gníomhartha dírithe a shainaitheofar tríd an bpróiseas pleanála gnó cinntí faoi chuspóirí aonair agus foirne tríd an gCóras Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta a fheidhmiú.

Déanfar athbhreithniú rialta ar sheachadadh na Straitéise seo agus déanfar é a dhoiciméadú i dTuarascáil Bhliantúil a léireoidh an dul chun cinn atá déanta maidir lena tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach. Is féidir teacht ar Thuarascálacha Bliantúla roimhe seo ar shuíomh **gréasáin an RGE**.

Tá an Roinn tiomanta do chur chuige oscailte agus freagrach dá rannpháirtíocht leis an bpobal agus leis an Oireachtas a chinntiú. Is féidir mionsonraí ar an méid sin agus ar struchtúir agus dáiltí freagrachta don Roinn a aimsiú ina **Chreat don Rialachas Corparáideach**.

## SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL

1. Tacú leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas sa bhaile
2. Ag freastal ar ár bpobail
3. An clár oibre Eorpach a chur chun cinn
4. An córas iltaobhach domhanda a neartú agus a chosaint
5. Rannpháirtíocht agus rathúnas domhanda na hÉireann a fheabhsú
6. Éifeachtacht RGE a neartú

# Spríoc 1 Tacú leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas sa bhaile



Tairbhe a bhaint as acmhainneacht iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta, rannchuidiú le tionscnamh um Oileán Roinnte a sheachadadh, agus ár gcaidreamh déthaobhach leis an Ríocht Aontaithe a neartú

## CONAS A BHAINIMID SEO AMACH

- » Tacaíocht le haghaidh fheidhmiú seasmhach agus éifeachtach na n-institiúidí uile faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta; dul chun cinn marthanach ag cur Comhaontú Aoine an Chéasta agus comhaontuithe ina dhiaidh chun feidhme, agus athmhuintearas a chur chun cinn, lena n-áirítear dul chun cinn ar cheist na hoidhreachta i gcomhréir leis an gcur chuige a comhaontaíodh ag Comhaontú Theach Stormont
- » Comhar Thuaidh-Theas a neartú, lena n-áirítear trí athbhunú luath agus úsáid iomlán na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas a spreagadh; tacaíocht ghníomhach d'obair na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas chun a chur ar a gcumas a lánacmhainneacht a bhaint amach; tacú leis an ngeilleagar uile-oileáin agus tógáil nasc gníomhach Thuaidh-Theas a spreagadh, chomh maith le cur i bhfeidhm éifeachtach Chreat Windsor
- » Tacaíocht láidir don tionscnamh um Oileán Roinnte agus rannpháirtíocht leis
- » Tacaíocht ghníomhach d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus pobail atá ag obair ar naisc a neartú ar oileán na hÉireann, trí Chiste na Sochaí Sibhialta um Oileán Roinnte agus an Ciste Athmhuintearais; tacaíocht d'obair an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn; agus seachadadh na céime deiridh de chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán
- » An caidreamh déthaobhach leis an Ríocht Aontaithe a neartú, rud a léiríonn ár ndlúthnaisc pholaitiúla, eacnamaíocha agus daoine le daoine, rannpháirtíocht pholaitiúil ardleibhéil a fheabhsú (lena n-áirítear trí Comhdháil Idir-Rialtais na Breataine/na hÉireann agus Comhairle na Breataine-na hÉireann, agus leis na hinstitiúidí cineachta), agus Áras na hÉireann nua a fhorbairt i Londain
- » Comhroinn ceachtanna ar chothú na síochána trínár líonra misean

## TORTHAÍ

- » Síocháin mharthanach, dul chun cinn polaitiúil, agus athmhuintearas feabhsaithe i dTuaisceart Éireann
- » Comhar Thuaidh-Theas agus Thoir-Thiar méadaithe, lena n-áirítear trí thionscnamh um Oileán Roinnte a sheachadadh chun comhoibriú láidir a chinntiú idir na hoileáin seo
- » Tuilleadh forbartha ar gheilleagar uile-oileáin

# Sprioc 2 Ag freastal ar ár bpobail



Tacú lenár saoránaigh sa bhaile agus thar lear, lena n-áirítear Seirbhís Pasanna agus Seirbhís Chonsalachta den chéad scoth a chur ar fáil, ár rannpháirtíocht le pobail diaspóra na hÉireann a neartú

## CONAS A BHAINIMID SEO AMACH

- » Seirbhís shlán phras pasanna a chur ar fáil dár saoránaigh
- » Freastal ar an ardéileamh atá ann le haghaidh pasanna agus Clárúchán Breitheanna Coigríche trína bheith ag leanúint le hathchóiriú agus digitíú agus ardleibhéil slándála agus riachtanais chosanta sonraí a chinntiú ag an am céanna
- » Seirbhísí agus cúnamh consalachta éifeachtach a chur ar fáil dár saoránaigh, lena n-áirítear i ngéarchéim chonsalachta, de réir na ngealltanais sa Straitéis Chonsalachta, go háirithe trínár líonra misean agus ár líonra Consal Oinigh neartaithe.
- » Comhairle thaistil shoiléir, bheacht agus cothrom le dáta a chur ar fáil do shaoránaigh chun cabhrú leo fanacht sábháilte agus eolasach agus iad ag taisteal, ag maireachtáil nó ag obair thar lear (lena n-áirítear, nuair is ábhartha, comhairle shonrach do mhná agus do dhaoine LADTI+)
- » Ár gcóras bainistíochta géarchéime a neartú a thuilleadh chun a chinntiú go bhfuil sé láidir, freagrúil agus ullmhaithe go leor chun freastal ar rioscaí amach anseo
- » Leanúint ag forbairt bealaí chun naisc a láidriú agus a neartú lenár bpobail diaspóra, de réir na ngealltanais i Straitéis Diaspóra an Rialtais 2020-2025, ag baint úsáid as an gClár Tacaíochta Eisimirceach go háirithe
- » A chinntiú go bhfanfaidh leas na nÉireannach thar lear, lena n-áirítear iad siúd ar mian leo filleadh ar Éirinn, i gcroílár ár rannpháirtíochta agus ár dtacaíochta diaspóra
- » Oibriú ar réitigh fhadtéarmacha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh na hÉireannaigh gan cháipéisí sna Stáit Aontaithe, agus leanúint ar aghaidh ag lorg bealaí nua inimirce do shaoránaigh na hÉireann
- » Tionscnaimh chumarsáide straitéiseacha a chur i bhfeidhm chun teagmháil a dhéanamh lenár saoránaigh agus lenár ndiaspóra maidir le seirbhísí saoránach a sholáthraíonn an Roinn

## TORTHAÍ

- » Seirbhísí pasanna agus consalachta nua-aimseartha agus inrochtana agus tacaíocht dár saoránaigh uile ar fud na cruinne agus ardáin dhigiteacha á n-úsáid go hiomlán acu
- » Naisc fheabhsaithe le pobail diaspóra a léiríonn a gcuid riachtanas atá ag athrú

# Spríoc 3 An clár oibre Eorpach a chur chun cinn



Beartais agus uaillmhianta an AE a mhúnlú chun leasanna agus luachanna na hÉireann a léiriú agus chun cur leis an gcomhar lenár gcomhpháirtithe Eorpacha

## CONAS A BHAINIMID SEO AMACH

- » Leasanna agus luachanna na hÉireann a chur chun cinn i múnú agus i gcur i bhfeidhm bheartais agus uaillmhianta an AE, i bhfianaise thábhacht straitéiseach bheartais an AE chun na leasanna agus na luachanna sin a chosaint
- » Tacaigh le hiarrachtaí an AE chun síocháin, cobhsaíocht, slándáil agus réitigh inbhuanaithe ar an gcogadh san Úcráin agus ar ghéarchéimeanna agus coinbhleachtaí eile san Eoraip agus sa limistéar mórthimpeall a chur chun cinn, lena n-áirítear trí eagraíochtaí iltaobhacha amhail an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus Comhairle na hEorpa
- » A chinntiú go gcuirtear Comhaontuithe AE-RA i bhfeidhm go hiomlán - an Comhaontú Aistarraingthe, lena n-áirítear Creat Windsor, agus an Comhaontú Trádála agus Comhair; a bheith ag cur le caidreamh comhoibritheach agus táirgiúil AE-RA a fhorbairt a chuireann leasanna na hÉireann chun cinn agus a chuireann le cobhsaíocht sa chaidreamh ar fud na n-oileán seo
- » Spreag comhleanúnachas an Rialtais uile ar shaincheisteanna AE agus ar chúrsaí a bhaineann leis an AE a chur chun feidhme i gClár an Rialtais
- » Caidrimh a thógáil agus comhghuaillíochtaí a neartú le ballstáit an AE agus leis na hinstiúidí Eorpacha
- » A chinntiú go bhfuil tosaíochtaí na hÉireann comhtháite i bhforbairt agus i gcur chun feidhme Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an AE agus ina bheartais sheachtracha, lena n-áirítear an Comhbheartas Slándála agus Cosanta, comhar forbartha, cúnamh daonnúil, cearta an duine, imirce, agus trádáil
- » Comhar déthaobhach lenár gcomhpháirtithe san Eoraip a fheabhsú ach ár líonra misean a neartú agus tionchar a imirt air, trí chomhghuaillíochtaí nua agus comhghuaillíochtaí atá ann cheana a neartú, lena n-áirítear ár straitéis Nordach a chur chun feidhme, chomh maith le straitéisí na Fraince agus na Gearmáine



## Sprioc 3 An clár oibre Eorpach a chur chun cinn (leantar)

- » Caidreamh na hÉireann leis na tíortha sin ar mian leo dul isteach san AE a neartú, tacú lena n-athchóirithe a bhaineann leis an AE, agus a chinntiú go léirítear luachanna na hÉireann i mbeartas méadaithe an AE
- » Tacú le ról ceannaireachta an AE a neartú chun ord domhanda a chosaint bunaithe ar urraim don dlí idirnáisiúnta
- » Gníomhú mar dhroichead sa chaidreamh trasatlantach idir an AE agus SAM
- » A bheith ina cheannaire ar ullmhúcháin ar fud an Rialtais d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE in 2026
- » An straitéis uile-rialtais, *Gairm san AE 2021* a chur i bhfeidhm chun láithreach agus tionchar na hÉireann in institiúidí an AE a thógáil
- » Cumarsáid agus rannpháirtíocht saoránach a threorú ar fud na hÉireann maidir le tosaíochtaí an AE agus na hÉireann, lena n-áirítear tríd an Tionscnamh Cumarsáide faoin Aontas Eorpach

### TORTHAÍ

- » Léirítear leasanna agus luachanna na hÉireann i mbeartais an AE agus ina caidrimh le comhpháirtithe déthaobhacha agus iltaobhacha agus i gcomharsanacht níos leithne na hEorpa
- » Caidrimh neartaithe leis na Ballstáit, le hinstitiúidí an AE agus le comhpháirtithe níos leithne, ag cur le leasanna agus luachanna na hÉireann a chur chun cinn a thuilleadh
- » Caidreamh dearfach idir an AE agus an Ríocht Aontaithe, ag cur leasanna na hÉireann chun cinn agus ag cur le cobhsaíocht sa chaidreamh ar fud na n-oileán seo
- » Ullmhúcháin láidre faoi cheannas an Rialtais ar fad d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE in 2026, lena n-áirítear clár níos doimhne rannpháirtíochta ar shaincheisteanna an AE le saoránaigh sa bhaile agus níos mó ionadaíochta ag Éireannaigh in institiúidí an AE



# Sprioc 4 An córas iltaobhach domhanda a neartú agus a chosaint



An t-ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha a chaomhnú, agus Cairt na Náisiún Aontaithe ina chroílár a thacaíonn le slándáil na hÉireann, agus a chuireann cobhsaíocht, ceartas, comhionannas agus forbairt inbhuanaithe chun cinn

## CONAS A BHAINIMID SEO AMACH

- » Forlámhas an dlí ar an leibhéal idirnáisiúnta a dhaingniú agus a neartú, mar a léirítear i bPrionsabail na Náisiún Aontaithe atá leagtha amach ina Chairt, lena n-áirítear prionsabail na stát a ndíospóidí a réiteach ar mhodhanna síochánta amháin agus staonadh ina gcaidreamh ó bhagairt nó úsáid fornirt
- » Oibriú chun institiúidí iltaobhacha éifeachtacha a fhorbairt agus a neartú (i.e. NA, AE, OSCE, Comhairle na hEorpa, ECFE, EDT etc.) agus úsáid a bhaint as ár mballraíocht iontu agus acmhainneacht iomlán ár líonra de mhisin dhéthaobhacha, chun leasanna agus luachanna na hÉireann a chur chun cinn agus a chosaint
- » Cur i bhfeidhm *Dhomhan Níos Fearr*, Beartas na hÉireann don Fhorbairt Idirnáisiúnta a threorú, ag cinntiú go seachadfar Cúnamh Oifigiúil Forbartha ar bhonn comhleanúnach ar fud Ranna Rialtais
- » A chinntiú go gcuireann clár forbartha idirnáisiúnta na hÉireann go soiléir le dul chun cinn ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus deireadh a chur le bochtaineacht agus ocras domhanda, le fócas láidir ar shlándáil bhia agus cothú, comhionannas inscne, riachtanas daonnúil a laghdú, agus gníomhú ar son na haeráide
- » Ceannaireacht a thabhairt ar mhaoiniú aeráide idirnáisiúnta na hÉireann a mhéadú, agus iarrachtaí uile-Rialtais ar thaidhleoireacht aeráide a neartú, le fócas ar oiriúnú agus dul chun cinn go hidirnáisiúnta ar chaillteanas agus damáiste
- » Oibriú chun síochánaíocht na Náisiún Aontaithe a neartú agus a athchóiriú agus ról gníomhach a ghlacadh i bhforbairt Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an AE, lena n-áirítear rannpháirtíocht i misin bainistíochta géarchéime míleata arna sainordú ag na NA agus arna treorú ag an AE, mar aon le misin shibhialta de chuid an AE, agus trí bheartas gníomhach iasachta
- » Ag tarraingt ar ár dtaithe saoil, gníomh éifeachtach a chur chun cinn ó chosc agus réiteach coinbhleachta go cothú na síochána agus athmhuintearas iarchoinbhleachta, agus rannpháirtíocht iomlán na mban, na hóige agus na sochaí sibhialta sna próisis seo
- » Tóraíocht ghníomhach i dtaca le dí-armáil, neamhiomadú agus rialú arm, lena n-áirítear trí ionchur le hiarrachtaí comhtháite an Rialtais maidir le rialuithe onnmhairiúcháin, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus spás
- » A chinntiú go bhfuil beartas slándála na hÉireann oiriúnach don fheidhm i dtimpeallacht slándála nua-aimseartha na hEorpa agus an domhain, agus plé oscailte agus eolasach a fhorbairt ar bheartas slándála idirnáisiúnta an Stáit, lena n-áirítear trí Fhóram Comhairliúcháin a eagrú



## Sprioc 4 An córas iltaobhach domhanda a neartú agus a chosaint (leantar)

- » Iarrthóireacht na hÉireann do Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine a chur chun cinn in 2027-2029, agus cearta an duine a chur chun cinn, le fócas ar chuntasacht
- » Oibriú ar fud an Rialtais agus lenár gcomhpháirtithe san AE, ár gcaidreamh leis an tSín a fhorbairt bunaithe ar anailís chuimsitheach ar leasanna agus luachanna na hÉireann, ár dteacht aniar eacnamaíoch agus sistéamach a neartú agus fócas ar theagmháil leis an tSín mar phríomhghníomhaí ar shaincheisteanna domhanda, go háirithe athrú aeráide, trádáil agus infheistíocht dhomhanda agus an córas iltaobhach
- » Cibearspás domhanda sábháilte, slán, saor agus oscailte a chosaint agus a chur chun cinn, le bonneagair theileachumarsáide láidre agus atá á rialú ag an dlí idirnáisiúnta
- » Cuntasacht as na coireanna idirnáisiúnta is tromchúisí a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thacaíocht ghníomhach d'obair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta
- » Tacú le hiarrachtaí chun rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a fheabhsú agus an mhuirthimpeallacht dhomhanda a chosaint
- » Fás geilleagrach ionchuimsitheach agus trádáil chothrom agus shaor a chur chun cinn ag tacú le tionscnaimh a fhéachann le trádáil agus infheistíocht a chothú mar aon le bainistíocht inbhuanaithe fiachas i dtíortha i mbéal forbartha

### TORTHAÍ

- » Tá ról ag Éirinn i dtimpeallacht idirnáisiúnta chobhsaí agus shlán a chosaint agus a neartú bunaithe ar urraim don dlí idirnáisiúnta.
- » Tá beartas slándála idirnáisiúnta na hÉireann oiriúnach don fheidhm i gcomhthéacs thimpeallacht slándála nua na hEorpa
- » Cuirtear an dlí idirnáisiúnta daonnúil agus cearta an duine chun cinn agus neartaítear é, agus tacaítear le meicníochtaí cuntasachta éifeachtacha chun sárúithe tromchúiseacha a phionósú
- » Cuireann Éire leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht idirnáisiúnta trí rannpháirtíocht ghníomhach i gcosc agus réiteach coinbhleachta, dí-armáil agus neamhiomadú agus cothú na síochána
- » Dul chun cinn athnuaite i dtreo dhíothú na bochtaineachta domhanda agus an ocráis
- » Tá creat á chur chun cinn don fhorbairt inbhuanaithe, chun an tiomantas domhanda do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a athbheochan, agus chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna daonnúla, bia, sláinte, eacnamaíocha, síochána agus slándála, agus aeráide a bhfuil nasc acu leis na spriocanna céanna
- » Gréasán láidir de chomhghuaillíochtaí déthaobhacha agus iltaobhacha d'Éirinn lenár gcomhpháirtithe domhanda

# Spríoc 5 Rannpháirtíocht agus rathúnas domhanda na hÉireann a fheabhsú



Ár rathúnas, ár dtionchar agus ár gcáil idirnáisiúnta a neartú agus a láidriú

## CONAS A BHAINIMID SEO AMACH

- » Straitéis Éire Dhomhanda agus a straitéisí tánaisteacha réigiúnacha uile-Rialtais a chur i bhfeidhm (Féach Aguisín 2 le haghaidh sonraí) le haghaidh:
  - » An Afraic
  - » Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise
  - » Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib
  - » An Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh (le forbairt faoi dheireadh 2023)
  - » Nordach
  - » Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha
  - » SAM agus Ceanada
- » Leanúint ag tógáil comhpháirtíochtaí polaitiúla láidre straitéiseacha leis na Stáit Aontaithe agus caidreamh eacnamaíoch dhá bhealach a bheidh tairbhiúil don dá thaobh
- » Ag comhlíonadh an tiomantais chun ár lorg domhanda a dhúbailt ach oifigí nua a oscailt i Milano, i München agus in Islamabad ag tabhairt líon iomlán na misean nua go 22 ó 2018, agus moltaí a dhéanamh don Rialtas maidir le láithreacha eile, go háirithe sna Balcáin Thiar
- » Tacú le cur i bhfeidhm chuspóirí eacnamaíocha an Rialtais thar lear, lena n-áirítear trádáil, infheistíocht, oideachas, turasóireacht agus cuspóirí taighde. Comhordú a dhéanamh ar rannpháirtíocht uile-Rialtais ag ECFE agus tacú le hobair bheartas eacnamaíoch an Rialtais láir trí obair an líonra misean agus trí chumarsáid éifeachtach a dhéanamh ar gheilleagar na hÉireann
- » Oibriú go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus le comhpháirtithe uile Fhoireann na hÉireann chun an Straitéis Trádála agus Infheistíochta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí chomhchathaoirleacht a dhéanamh ar Cheanncheathrú Fhoireann na Margaí, trí chathaoirleacht a dhéanamh ar Fhoirne Margaidh Áitiúil thar lear, agus trí rannpháirtíocht sa Chomhairle Trádála & Infheistíochta, agus trí obair an líonra misean, chomh maith le deiseanna a eascraíonn as Straitéis Tionscail an AE a thapú. Áirítear leis seo Árais na hÉireann nua i Nua-Eabhrac, Londain, Tóiceo agus Abuja, agus seachadadh thionscadal Áras Digiteach na hÉireann



## Sprioc 5 Rannpháirtíocht agus rathúnas domhanda na hÉireann a fheabhsú (leantar)

- » Ról ceannasach a imirt ag obair le Gníomhaireachtaí Stáit agus le comhpháirtithe eile, chun gníomhaíochtaí cur chun cinn spriocdhírthe ar ardchaighdeán a sheachadadh chun tacú lenár gcuspóirí comhroinnte, lena n-áirítear láithreacht láidir ag EXPO 2025 agus ag mórimeachtaí spóirt
- » An clár bliantúil de chuairteanna Airí a chomhordú do Lá Fhéile Pádraig chun caidrimh dhéthaobhacha atá ann cheana a neartú agus naisc nua a chruthú ar fud raon tíortha agus margaí, agus tacú le cuairteanna ardleibhéil agus misin trádála a sheachadadh i rith na bliana
- » Cur le hiarracht chumarsáide Fhoireann na hÉireann chun infheictheacht a mhéadú, feasacht a ardú agus cáil na hÉireann a fheabhsú trí straitéis cháile agus chumarsáide dhomhanda a sheachadadh d'Éirinn, agus Ireland.ie mar an príomhardán digiteach
- » Tacaíocht an phobail a thógáil in Éirinn do rannpháirtíocht idirnáisiúnta trí thionscnaimh chumarsáide agus for-rochtana poiblí atá dírithe ar bheartas agus cuspóirí eachtracha agus forbartha na hÉireann a chur in iúl
- » Cultúr na hÉireann a chur chun cinn trí chláreagrú coimeádaithe, saineolas earnála (lena n-áirítear sainoifigigh chultúrtha in áiteanna tosaíochta) agus infheistíocht straitéiseach in ionaid chultúrtha shuaitheanta agus tacú le healaíontóirí agus gairmithe cruthaitheacha na hÉireann go hidirnáisiúnta

### TORTHAÍ

- » Leas a bhaint as ár gcumais sa bhaile agus thar lear, ag obair go dlúth le comhpháirtithe Fhoireann na hÉireann, chun tacú le forbairt eacnamaíoch leanúnach na hÉireann
- » Éire a chur chun cinn mar áit dheas chun trádáil a dhéanamh léi, cuairt a thabhairt uirthi, le bheidh i do chónaí inti, le hoibriú inti, le hinfheistiú inti agus le staidéar a dhéanamh inti
- » Lorg domhanda leathnaithe ag tacú le caidrimh agus rannpháirtíocht dhéthaobhach níos láidre agus níos doimhne ar fud an domhain, de réir na straitéise *Éire Dhomhanda*
- » Cáil, infheictheacht agus tionchar na hÉireann a fheabhsú trí mheas idirnáisiúnta níos leithne agus níos doimhne ar ár luachanna, beartais, cultúr agus tionchar domhanda

# Sprioc 6 Éifeachtacht RGE a neartú



Ár gcumas freastal ar ár  
Spriocanna agus iad a  
bhaint amach

## CONAS A BHAINIMID SEO AMACH

- » Ceannaireacht éifeachtach an Bhoird Bainistíochta, treo straitéiseach, maoirseacht bhuiséadach, bainistíocht riosca, forbairt beartais, leanúnachas gnó, agus maoirseacht a chur ar fáil i gcomhréir le Creat don Rialachas Corparáideach na Roinne
- » Straitéisí Roinne a chur i bhfeidhm faoi stiúir na Rannóige Seirbhísí Corparáideacha (Straitéis Bainistíochta Maoine, Straitéis Slándála agus Comhlíonta Chorparáidigh, Straitéis Claochlaithe Dhigitigh) agus na Rannóige Acmhainní Daonna (Straitéis Acmhainní Daonna agus Plean Gníomhaíochta um Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú)
- » Cultúr nuálaíochta agus claochlaithe a chur chun cinn agus a dhoimhniú sa Roinn chun éifeachtacht ár mbeartas agus ár bpróiseas a fheabhsú
- » Cur le hathchóiriú na hearnála poiblí, lena n-áirítear trí thionscnamh Athnuachana na Státseirbhíse 2030, agus trí Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse
- » Tionscadail a sheachadadh ag baint úsáid as cur chuige bainistíochta tionscadail dea-chleachtais arna rialú ag Bord Maoirseachta an Chláir, agus de réir an Chóid Caiteachais Phoiblí
- » Cultúr na dínite agus an mheasa a leabú san ionad oibre (lena n-áirítear maidir le saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta), béim a leagan ar chomhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, éagsúlacht agus cuimsiú, agus folláine agus teacht aniar na foirne a chur chun cinn, lena n-áirítear cothromaíocht oibre is saoil a chothú trí Phlean Gníomhaíochta ICÉC a chur i bhfeidhm
- » Próisis forbartha beartais a chur chun cinn agus tacú leo a léiríonn dea-chleachtas; agus atá nuálach agus éifeachtach agus a chruthaíonn beartais éifeachtúla, réamhbhreathnaitheacha agus solúbtha le pleananna láidre maidir le cur chun feidhme
- » Treochlár na Roinne um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm
- » Tacaíochtaí dár bhfoireann atá lonnaithe go háitiúil agus thar lear a láidriú
- » An Creat Foghlama agus Forbartha a chur i bhfeidhm, cumas bainistíochta a fhorbairt, ag cothú foirne cumasacha agus lúfara in Éirinn agus thar lear, agus cumas maidir le teangacha iasachta atá i bhfad níos fearr

## Sprioc 6 Éifeachtacht RGE a neartú (leantar)



- » Feidhm éifeachtach Measúnachta agus Iniúchóireachta a chothabháil a chuireann measúnú oibiachtúil, ráthú, comhairle agus léargas a sholáthar maidir le feidhmíocht chorparáideach, rialachas, bainistiú riosca agus rialú inmheánach ar fháil don lucht bainistíochta
- » Cultúr freagrachta a chruthú maidir le cibearshlándáil, slándáil sonraí agus slándáil faisnéise trí thacaíochtaí cuí, oiliúint, ardú feasachta
- » Leanúint ag cur le teacht aniar agus ullmhacht na heagraíochta (baill foirne, córais agus struchtúir) le go mbeidh sí in ann oiriúnú go héasca don aeráid gheopholaitiúil atá ag athrú. Fócas ar an Roinn a ullmhú le go seasfaidh sí an aimsir i dtéarmaí beartais agus eagraíochta chun freastal ar rioscaí domhanda nua, lena n-áirítear i réimse na teicneolaíochta i mbeartas idirnáisiúnta
- » Ár 178 ionad réadmhaoine a bhainistiú go héifeachtach

### TORTHAÍ

- » Roinn a fhreagraíonn d'fhorbairtí náisiúnta agus domhanda
- » Roinn a chuireann le seirbhís phoiblí den scoth
- » Roinn oscailte, fhreagrach agus inbhuanaithe a sheachadann dea-chleachtas maidir le rialú agus feidhmíocht eagraíochtúil agus a chinntíonn dea-bhainistíocht airgeadais
- » Lucht saothair domhanda atá solúbtha agus acmhainneach in aireacht eachtrach chomhtháite
- » Fórsa saothair ilchineálach agus ionchuimsitheacht, le cothromaíocht inscne níos fearr ar fud gach leibhéal den Roinn, agus cultúr a léiríonn meas agus a chuireann luach ar gach ball foirne mar bhonn agus mar thaca aige

# Aguisín 1 Dualgas na hEarnála Poiblí

De réir Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha tiomanta do chomhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc, agus cearta daonna ár bhfoirne, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a dtéann ár gcuid oibre i bhfeidhm orthu a chosaint.

Tá cuid mhaith d'obair na Roinne sa réimse seo curtha in iúl sa Phlean Gníomhaíochta um Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú 2022-2025. D'ullmhaigh an Rannóg Acmhainní Daonna Plean Gníomhaíochta ICÉC i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara ar fud na Roinne, lena n-áirítear Fochoiste an Bhoird Bainistíochta um Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (Fochoiste ICÉC), an tAonad um Rialachas agus Athrú Straitéise (SGCU), agus baill den Bhord Bainistíochta, chomh maith le teagmháil le heagraíochtaí seachtracha. Tá na spriocanna, na torthaí agus na gníomhartha a aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta

deartha chun éagsúlacht agus cuimsiú a leabú i mbeartaís agus i gcleachtais na Roinne, agus chun córais a fhorbairt a mbeidh tionchar fiúntach acu ar eispéireas oibre na foirne agus na mbainisteoirí líne.

Ina theannta sin, agus an Ráiteas Straitéise seo á ullmhú, chuathas i gcomhairle le Fochoiste ICÉC chun saincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a bhaineann leis an Ráiteas a aithint, agus chun iad a chur sna gníomhartha a thabharfadh aghaidh ar na saincheisteanna seo. Cuireann cúig ghrúpa foirne obair Fhochoiste ICÉC chun cinn - Inscne, LADT+, Ilchultúrtha, Tuismitheoirí agus Cúramóirí, agus Ionchuimsiú Sóisialta agus Míchumas.

Déantar monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí agus ar éachtaí i réimsí chearta an duine agus an chomhionannais, agus déantar iad a dhoiciméadú i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne.

# Aguisín 2 Straitéisí RGE

## CROÍSTRAITÉISÍ

**Éire Dhomhanda – Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025**

**An tOileán Domhanda: Beartas Eachtrach na hÉireann maidir le Domhan atá ag Athrú**

**Domhan Níos Fearr - Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta**

## TÉAMACH

**Gairm san AE: Straitéis na hÉireann chun ionadaíocht na hÉireann in Institiúidí agus Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh a mhéadú**

**Plean Gníomhaíochta um Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsiú 2022- 2025**

**Éire Dhomhanda: Straitéis Diaspóra na hÉireann 2020–2025**

**Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil**

**Cúnamh Éireann – Straitéis Oideachais um Shaoránacht Dhomhanda 2021-2025**

**Straitéis an Chiste Athmhuintearais do 2021-2024**

**TravelWise: Fanacht slán agus ar an eolas agus tú ag taisteal thar lear- Straitéis Chonsalachta na hÉireann 2019-2022**

## GEOGRAFACH

**Straitéis na hÉireann maidir le Comhpháirtíocht le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha**

**Éire Dhomhanda - Straitéis na hÉireann don Afraic go dtí 2025**

**Éire Dhomhanda An beart á dhéanamh i Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise go dtí 2025**

**Ár Straitéis don Réigiún Nordach 2020-2025**

**Éire Dhomhanda: Straitéis na hÉireann um Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib go dtí 2025**

**Éire sa Ghearmáin**

**Comh-Athbhreithniú Déthaobhach na hÉireann/na hAlban: Tuarascáil agus Moltaí 2021–25**

**Comhráiteas ó Éirinn-ón mBreatain Bheag agus Comhplean Gníomhaíochta 2021–25**

**Éire Dhomhanda: Straitéis na hÉireann do Stáit Aontaithe Mheiriceá agus do Cheanada 2019–2025**

**Éire Dhomhanda - Straitéis na hÉireann don Fhrainc 2019–2025 'Aontaithe i Spiorad agus i nGníomh'**